# Aisling Ghaeltachta: Ceacht 3 (1:57-3:55)

## Réamhobair

**Pléigh na ceisteanna seo le do chara roimh bhreathnú ar an mír**

- Cén uair is mó a úsáideann tú d'fhón póca?
    - Sa bhaile agus mé i mo sheomra leapa ☐
    - Ar mo bhealach ar scoil ☐
    - Ag am lóin ar scoil ☐
    - Tar éis dom m'obair bhaile a dhéanamh ☐

- An bhfuil cead agat d'fhón a úsáid sa seomra ranga?
    - Níl cead ar chor ar bith ☐
    - Tá cead é a úsáid gan srian ☐
    - Tá cead é a úsáid le hobair a dhéanamh ☐
    - Tá cead é a úsáid le cluichí an cheachta a imirt ☐

- Cén áit a ndéanann tú d'obair bhaile?
    - Déanaim í sa bhaile ☐
    - Déanaim í ar scoil ☐
    - Déanaim í ar an mbus ☐
    - Déanaim staidéar maoirsithe ☐

**Anois, féach ar an mír go dtí 3:55 agus líon isteach an freagra ceart:**

| | |
|---|---|
| Tá Aisling ag déanamh a hobair bhaile | a. ar scoil<br>b. sa chistin<br>c. ina seomra codlata |
| Faigheann Aisling teachtaireacht ó | a. Chiarán<br>b. Cholm<br>c. Chillian |
| Cén rang ina bhfuil Aisling nuair a fhaigheann sí teachtaireacht? | a. Mata<br>b. Béarla<br>c. Gaeilge |
| Cén focal a úsáideann Colm faoi Ghaeilge Aisling? | a. Gaeilge uafásach<br>b. Gaeilge iontach<br>c. Gaeilge den scoth |
| Conas a mhothaíonn Aisling nuair a fhaigheann sí teachtaireachtaí ó Cholm? | a. sásta<br>b. buartha<br>c. brónach |




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Meaitseáil na pictiúir leis na ceisteanna**

| **Béasach** | **Sóisialta** |
|---|---|
| Ar mhiste leat? Ní miste/is miste | An cuma leat? Is cuma/ní cuma |

Ar mhiste leat an doras a dhúnadh le do thoil?



An cuma leat mo pheann a shíneadh chugam?



Ar mhiste linn dul síos go dtí an siopa?



An cuma leat dul síos go hoifig an phríomhoide?



**Léigh an liosta seo atá ag Aisling don obair bhaile**

**Béarla:** Freagair ceisteanna 1-5 ar an dán 'Midterm Break'.

**Gaeilge:** Lean ar aghaidh ag scríobh aiste ar 'Laethanta Saoire'.

**Mata:** Freagair ceisteanna 1-10 i gcabidil 1 'Ailgéabar'.

**Fraincis:** Léamhthuiscint ar 'Mon Maison' le léamh agus freagair na ceisteanna ar fad a bhaineann leis.

**Eolaíocht:** Críochnaigh an léaráid 'an inchinn'.

**Tíreolaíocht:** Féach ar an gclár 'Aibhneacha na hÉireann' ar sheinnteoir TG4.

**Stair:** Lean ar aghaidh leis an aiste ar thionchar Martin Luther ar an Reifirméisean.

Cé mhéad ceist atá le freagairt ag Aisling ar an dán 'Midterm Break'?

______________________________________________

Cén teideal atá ar aiste Ghaeilge Aisling?

______________________________________________

Cén chaibidil ina bhfuil ceisteanna Mata Aisling?

______________________________________________

Cén léaráid atá le críochnú ag Aisling?

______________________________________________

Cá bhfuil an clár 'Aibhneacha na hÉireann' le feiceáil?

______________________________________________

Cén aiste staire atá le críochnú ag Aisling?

______________________________________________